# Discover the Beaches of County Galway

# Cuir Aithne ar Thránna Chontae na Gaillimhe



## Céibh an Spidéil

Welcome to Céibh an Spidéil. As you stand on this beach, looking out to sea you are facing east. A large stone fishing pier shelters the beach to the south and a short walk along the rocky shore to the north will take you to An Spidéal village.

Fáilte chuig Céibh an Spidéil. Agus tú i do sheasamh ar an trá seo ag breathnú amach ar an bhfarraige, tá d'aghaidh soir. Tá foscadh ag an trá ón gcéibh mhór chloiche iascaireachta ó dheas agus má shiúlann tú ó thuaidh le cladach, tiocfaidh tú chuig sráidbhaile an Spidéil.

### Beach Code of Conduct

- Guard against all risk of fire
- Leave only footprints – don't be a litterbug
- Kill nothing but time
- Take nothing but memories and photographs
- Don't disturb, don't destroy and act responsibly

### Cód Iompair ar an Trá

- Ná déan tine a adhaint
- Ná fág ach lorg do chos i do dhiaidh - ná bí i do bhodach bruscair
- Caomhnaigh agus ná cealaigh
- Ná tabhair leat aon rud ach cuimhní agus fótagraif
- Ná mill agus ná cuir isteach ar aon rud agus bí freagrach

For further information
Chun a thuilleadh eolais a fháil
www.galway.ie/services/environment/beaches



### The Scottish connection
### An ceangal le hAlbain

The pier (An Chéibh) to the south of the beach is built of granite, the local rock. Designed by the famous Scottish engineer, Alexander Nimmo in 1822, it was commissioned by the Fisheries Board to facilitate import and export trade. Markets developed and the village of An Spidéal began to grow and prosper.

Is de chloch eibhir, an chloch áitiúil, a rinneadh an chéibh ó dheas den trá. Ba é an t-innealtóir cáiliúil Albanach, Alexander Nimmo, a dhear é sa bhliain 1822, agus ba é an Bord Iascaigh a choimisiúnaigh é chun cuidiú le trádáil iompórtála agus easpórtála. Tháinig forbairt ar mhargaí agus tháinig borradh agus rath faoi shráidbhaile an Spidéil.



### A walk along the shore
### Siúlóid le cladach

If you follow the path along the northern shore it will take you to the village of An Spidéal. While there, take a look in St Éanna's church at the wonderful stained glass windows by Sarah Purser of 'An Túr Gloine' Art Studio and the Stations of the Cross by Ethel M. Rhind.

Má leanann tú an cosán leis an gcladach ó thuaidh tiocfaidh tú chuig sráidbhaile An Spidéal. Agus tú ansin, féach i séipéal Naomh Éanna ar na fuinneoga breátha daite de chuid Sarah Purser ón stiúideo ealaíne 'An Túr Gloine' agus ar Thuras na Croise de chuid Ethel M. Rhind.



### Rocks from Fire
### Carraigeacha ón Tine

The pink and grey granite rocks that you see all around you were once molten lava underneath the earths crust. As this lava moved closer to the surface it began to cool. As it cooled, crystals of quartz, feldspar and mica began to form. Can you see these crystals glittering in the rocks along this shoreline?

Uair amháin ba laibhe leáite faoi screamh an domhain a bhí sna carraigeacha bándearga agus donna a fheiceann tú thart timpeall ort. De réir mar a bhog an laibhe sin níos gaire don dromchla thosaigh sé ag fuarú. De réir mar a d'fhuaraigh sé, thosaigh criostail ghrianchloiche, iathchloiche agus mhíoca á ndéanamh. An bhfeiceann tú na criostail sin ag lonrú sna carraigeacha ar líne an chladaigh seo?



### Hold Tight
### Coimeád Greim

When the waves batter this shoreline, the animals and plants that live on the shore must cling on or be swept away. Look closely at one of the large rocks and see what you can find. Can you see black mussels clinging on with their 'beards'; barnacles and limpets fastening their grip as you approach and multicoloured seaweeds attached by strong holdfasts? Pick up some seaweed and look for colourful periwinkles feeding beneath.

Nuair a bhuaileann na tonnta an cladach seo, ní mór do na hainmhithe agus na plandaí a mhaireann ar an gcladach greim daingean a choimeád nó scuabfar chun siúil iad. Féach go grinn ar cheann de na carraigeacha móra agus féach céard a aimseoidh tú. An bhfeiceann tú diúilicíní dubha greamaithe den charraig lena 'bhféasóga'; garbháin charraige agus bairnigh ag daingniú a ngreim agus tú ag teacht i ngar dóibh agus feamainní ildathacha ceangailte lena ngreamacháin láidre? Pioc beagán feamainne agus cuardaigh faochain dhaite á mbeathú féin faoi.

Text/Téacs: Zena Hoctor
Translator/Aistritheoir: Padraic de Bhaldraithe
Design: Signiatec Ltd www.signiatec.ie